2025/2072

14.10.2025

CINNEADH (CBES) 2025/2072 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1544 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne leathadh agus úsáid arm ceimiceach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1544 ([1]).

(2) Beidh feidhm ag na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2018/1544 go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2025. Ar bhonn athbhreithniú ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2018/1544, ba cheart síneadh a chur, go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2026, leis na bearta a leagtar amach in Airteagail 2 agus 3 den Chinneadh sin a mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis, agus comhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2018/1544 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8(1) de Chinneadh (CBES) 2018/1544.

‘1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 16 Deireadh Fómhair 2026. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an gCinneadh seo.’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 13 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

P. HUMMELGAARD

([1]) Cinneadh (CBES) 2018/1544 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2018 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne leathadh agus úsáid arm ceimiceach (IO L 259, 16.10.2018, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/1544/oj).